Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Déantán Punainne: Sampla 1
# Nuachtlitir

**An Taobh Eile Den Saol**

**Alt ag _________, Iriseoir Idirbhliana, Coláiste ____________**

@conorharris_theothersideoflife___s

De Céadaoin seo chaite, an 21ú Mheán Fómhair 2024, d'fhreastal scoláirí na hidirbhliana agus scoláirí ón ATF ar chaint sa halla le Conor Harris. Bhíomar ann dá léacht, The other Side of Life, Caint ar Fheasacht faoi dhrugaí agus andúil. An aidhm atá aige ná feasacht a mhéadú mar gheall ar an mbaol a bhaineann le dul i mbun drugaí ag aois óg, agus chun a thaispeáint do dhaoine óga nach bhfuil an freagra ar a bhfadhbanna le fáil i ndrugaí.

Is imreoir sciliúil pheil Ghaelach é a d'imir le foirne Chill Dara faoi aois. Roinn sé an scéal maoithneach ar chonas a osclaíodh domhain na ndrugaí dó agus gan é ach 14 bliain d'aois. Mhínigh sé gur dhiúltaigh sé ar dtús ach gur ghéill sé diaidh ar ndiaidh ag tosnú ar triail a bhaint as na drugaí a cuireach os a chomhair. Mhínigh sé gur cheap sé go raibh sé ag fáil na muiníne a bhí uaidh ó na drugaí agus gur bhain sé níos mó agus níos mó úsáid astu dá réir. Dár leis nuair a chaitheann tú achar fada go leor ag plé le drugaí go gcailleann tú an duine a bhí ionat ó thús.

Diaidh ar ndiadh, bhí sé ag caitheamh níos mó airgid ar dhrugaí agus bhí sé ag cailliúint a fhéin-thuisceana, go dtí nár aithin sé é féin ar chor ar bith. Bhí sé tar éis roinnt mhaith dá mhothúchán a chailliúint de dheasca na ndrugaí.

Ba mhinic a rinne sé iarracht éirí astu, ach ní stopann an andúil díreach mar sin. Faoi dheireadh, agus é sna déaga deiridh chláraigh sé ar chlár athshlánúcháin agus dár leis, b'shin an cinneadh a shábháil a bheatha. Tá súil aige go ndéanfaidh sé difríocht do dhaoine eile lena chuairteanna chuig scoileanna agus go dtiocfaidh laghdú ar mhéid na ndéagóirí in ionad athshlánúcháin agus go dtitfidh méid na ndaoine óga ag tógáil drugaí crua go laethúil.

Tá Conor ag spreagadh daoine atá ag streachailt faoi láthair, daoine a bhfuil rún acu nár roinn siad le haon duine, chomh maith le daoine atá ag streachailt le haon chineál andúile. Dár leis tagann feabhas ar an saol agus ní gá duit a bheith gafa go deo. Éiríonn sé níos éasca ach caitheann tú an chéad chéim a thógáil. D'iarr sé ar na daone sin a bheith oscailte faoi agus labhairt le duine éigin. Má tá tú ag fulaingt le fadhb cosúil le fadhb Conor faoi láthair, le do thoil, labhair le duine faoi; cara, tuismitheoir, múinteoir. Níl tú i d'aonar. Chomh luath is a roinneann tú do chás, tosóidh tú ar bhóthar do leasa.

Ár míle buíochas chuig Conor as ucht a bheith inár dteannta. Tá sé saor ó dhrugaí anois le cúig bliana agus é ina shiúinéir, ag déanamh chúrsa triú leibhéil in Ollscoil Mhaigh Nuad agus ag imirt peile le foireann na hOllscoile agus lena fhoireann áitiúil. Guímid gach rath ar Conor ina shaol amach anseo.

## Smaoinigh ar na ceisteanna seo agus tú ag breathnú ar dhéantán scoláire

Gnéithe Scoláire Soiléir

Táscairí Forbartha le Feiceáil

Deiseanna Measúnaithe


Ag Tacú le Machnamh an Scoláire

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Déantán Punainne: Sampla 2
# Costas Cairr - PowerPoint




## Smaoinigh ar na ceisteanna seo agus tú ag breathnú ar dhéantán scoláire

Gnéithe Scoláire Soiléir

Táscairí Forbartha le Feiceáil

Deiseanna Measúnaithe


Ag Tacú le Machnamh an Scoláire

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Déantán Punainne: Sampla 3
# Físeán




## Smaoinigh ar na ceisteanna seo agus tú ag breathnú ar dhéantán scoláire

Gnéithe Scoláire Soiléir

Táscairí Forbartha le Feiceáil

Deiseanna Measúnaithe

Ag Tacú le Machnamh an Scoláire